



**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0332(NLE)**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 543 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 42ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 543 final.

Faoi iamh: COM(2022) 543 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 14.10.2022
COM(2022) 543 final

2022/0332 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 42ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. **ÁBHAR AN TOGRA**

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhfianaise an 42ú cruinniú bliantúil de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa, Strasbourg na Fraince, an 29 Samhain - an 2 Nollaig 2022. Baineann an seasamh le (1) cinneadh a bhaineann le leasú ar Foscábhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus (2) cinneadh maidir le leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste, ar cinntí iad a bhfuil sé beartaithe ag an mBuanchoiste a ghlacadh.

2. **COMHTHÉACS AN TOGRA**

2.1. **An Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa**

Is é is aidhm do Choinbhinsiún 1979 maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) ('an Comhaontú') flora agus fauna fíaine na hEorpa agus a ngnáthóga nádúrtha a chaomhnú, go háirithe iad siúd a dteastaíonn comhar idir roinnt Stát chun iad a chaomhnú. Is conradh idir-rialtasach é a tugadh i gcrích faoi choimirce Chomhairle na hEorpa. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 1982. Tá an tAontas Eorpach ina Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú seo ó bhí an 1 Meán Fómhair 1982 ann¹. Faoi láthair, tá 51 Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais.

2.2. **An Buanchoiste**

Is é an Buanchoiste orgán cinnteoireachta an Choinbhinsiúin a bhfuil cumhachtaí aige measúnú a dhéanamh ar stádas caomhantais speiceas agus, ina dhiaidh sin, athbhreithniú a dhéanamh ar a liostú sna Foscábhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Áirítear a chuid feidhmeanna in Airteagail 13-15 den Chomhaontú. Tagann sé le chéile gach 2 bhliain ar a laghad agus aon uair a iarrann tromlach na bPáirtithe Conarthacha sin. Tá sé ina ghnás ag an mBuanchoiste teacht le chéile gach bliain.

Bunaítear seasamh an Aontais maidir le leasuithe ar na foscábhinní chomh maith le hathbhreithniú ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste le cinneadh ón gComhairle bunaithe ar thogra ón gCoimisiún.

2.3. **Na gníomhartha atá beartaithe ag an mBuanchoiste**

Ag an 42ú cruinniú den Bhuanchoiste, táthar ag súil go nglacfar dhá chinneadh a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu ar an Aontas Eorpach. Baineann an chéad cheann le leasú ar Foscábhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú agus is leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste atá sa dara ceann.

2.3.1 **Leasú ar Foscábhinní II agus III**

I gcomhréir le hAirteagal 17 den Chomhaontú, glacfaidh tromlach dhá thrian de na Páirtithe Conarthacha leasú ar na Foscábhinní. Tiocfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh na bPáirtithe uile 3 mhí tar éis don Bhuanchoiste é a ghlacadh mura mbeidh fógra tugtha ag trian de na Páirtithe Conarthacha maidir le hagóidí. Tiocfaidh aon leasú a bheidh ann i bhfeidhm le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha sin nach mbeidh fógra tugtha acu maidir le hagóidí. Is é cuspóir an

¹ Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa thar ceann an Chomhphobail, IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.

ghnímh atá beartaithe Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, rud dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chomhaontú.

2.3.2 Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste

I gcomhréir le hAirteagal 13.6 den Chomhaontú, dhréachtaigh an Buanchoiste a Rialacha Nós Imeachta. De réir Riail 21, féadfar na Rialacha Nós Imeachta a leasú le tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag Páirtithe Conarthacha. Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na Rialacha Nós Imeachta a leasú.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Leasú ar Foscríbhinní II agus III

Mhol an Eilvéis leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú. Beartaítear leis an togra an leibhéal cosanta le haghaidh an Mhic Tíre (*Canis lupus*) a íslíú trína aistriú ó Foscríbhinn II (speicis fauna faoi chosaint dhocht) go Foscríbhinn III (speicis fauna faoi chosaint — is féidir rialú a dhéanamh). Tá liostú na speiceas ainmhithe faoi Foscríbhinní II nó III bunaithe ar na sonraí eolaíocha atá ar fáil tráth na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú agus ar na liostaí de mhamaigh, d'éin, d'amfaibiaigh agus de reiptílí atá faoi bhagairt san Eoraip, arna ndréachtú ag an gCoiste Eorpach um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha faoi Chomhairle na hEorpa². Níor glacadh aon chritéar faoin gComhaontú maidir le speicis a liostú nó a dhíliostú a thuilleadh faoi na Foscríbhinní.

Cheana féin in 2018, mhol an Eilvéis leasú comhchosúil, lena bhféachtar le bainistíocht agus rialú mac tíre a cheadú gan gá le maoluithe a eisiúint faoi Airteagal 9 den Choinbhinsiún. Ba í an phríomhargóint a tugadh chun tacú leis an togra go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na mac tíre san Eoraip ó tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm agus nach bhfuil gá, dá bhrí sin, le leibhéal docht cosanta. Ag an 38ú cruinniú den Bhuanchoiste, chinn an Cathaoirleach gan vótáil a dhéanamh ar an togra, tar éis dó a thabhairt dá aire nach raibh líon tábhachtach Páirtithe réidh le seasamh a ghlacadh ar an ábhar. D'fhógair an Eilvéis gur mhian léi filleadh ar an togra a luaite a bheadh tuarascálacha ábhartha ar fáil faoi Choinbhinsiún Bheirn (Tuirisciú faoi Rún Uimh. 8 (2012) maidir le stádas caomhantais speiceas agus gnáthóg) agus ón Aontas (Tuirisciú faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga)³.

Leis an togra seo ón Eilvéis, cuirtear i láthair an argóinteacht chéanna is a cuireadh i láthair le togra 2018. Bunaítear í ar éabhlóid dhearfach an speicis ar fud na hEorpa agus ar an ngá líomhnaithe atá ann an stádas cosanta faoin gCoinbhinsiún a chomhchuíbiú, mar gheall ar na forchoimeádais atá ag roinnt Páirtithe Conarthacha cheana maidir le stádas cosanta doichte an mhic tíre. Dá nglacfaí an togra, bheadh an stádas cosanta is ísle ag pobail mac tíre ar fud na hEorpa mar thoradh air, gan beann ar a stádas caomhantais éagsúil agus a dtreochtaí caomhantais éagsúla ar fud chríoch na bPáirtithe agus na réigiún bithgheografach.

Ó bhí 2018 ann, tá faisnéis cothrom le dáta maidir le stádas caomhantais an speicis ar fáil.

Téann na measúnuithe is déanaí de réir chritéir Liosta Dearg IUCN siar go 2018. As na naoi bpobal mac tíre san Aontas Eorpach agus sna tíortha comharsanachta, ar daonraí trasteorann iad den chuid is mó, níl ach trí cinn díobh 'is ábhar imní is lú' agus tá sé cinn acu 'leochaileach' nó 'i ngar do bheith faoi bhagairt'⁴. Tá pobal na nAlp Láir Thiar a chlúdaíonn

² Féach an Tuarascáil Mhínteach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (<https://rm.coe.int/16800ca431>)

³ [Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú, Irisleabhar Oifigiúil L 206, 22/7/1992](https://www.european-council.europa.eu/media/assets/00/00/16/16800ca431.pdf)

⁴ <https://www.iucnredlist.org/species/3746/144226239>

an Eilvéis agus an pobal Lochlannach a chlúdaíonn an Iorua araon ‘leochaileach’ i Measúnú Liosta Dearg IUCN.

Ina theannta sin, sa mheasúnú ar leibhéal an Aontais a rinneadh in 2020 ar stádas caomhantais le haghaidh an mhic tíre bunaithe ar na tuarascálacha a chuir na Ballstáit isteach, léirítear go bhfuil stádas caomhantais neamhfabhrach-neamhleor fós ag an speiceas i sé cinn de na seacht réigiún bhithgheografacha de chuid an Aontais⁵. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar threochtaí pobail agus raoin go ginearálta, rud a léiríonn go bhfuil an speiceas ag athchoilíniú codanna dá raon stairiúil, níl stádas caomhantais fabhrach bainte amach aige go fóill i bhformhór na mBallstát ná i bhformhór na réigiún bithgheografach⁶. Tá an speiceas fós faoi réir bagairtí agus brúnna suntasacha, lena n-áirítear leibhéal arda mhorthlaíochta arna spreagadh ag daoine (eadhon ón bpóitseáil).

In 2021, cuireadh torthaí an tuairiscithe faoi Rún Uimh. 8 (2012) de Choinbhinsiún Bheirn ar fáil freisin⁷. Bhí an tuairisciú ar stádas caomhantais le haghaidh na tréimhse 2013-2019 i gcéim thástála agus níor rannchuidigh gach Páirtí Conarthach leis an scéim sin. Tá a dtuarascálacha seolta ag an Eilvéis agus an Iorua, tíortha ar cuid iad de raon pobail trasteorann mac tíre le Ballstáit an Aontais. San Eilvéis, tuairiscítear go bhfuil stádas caomhantais neamhfabhrach-neamhleor ag an mac tíre sa réigiún bithgheografach Ilchríochach, ceann de dhá réigiún bhithgheografacha na tíre. Thuairiscigh an Iorua stádas caomhantais anaithnid maidir leis an speiceas sa dá réigiún bhithgheografacha dá cuid.

Aithníonn an tAontas Eorpach go hiomlán na dúshláin a bhaineann le cómhhaireachtáil idir daoine agus mic tíre a eascraíonn as a dtéarnamh i líon agus i raon. Ní mór forairdeall agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar an staid mar gheall ar na dúshláin sin. Bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin sin, d’fhéadfadh sé gur ghá breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí breise lena n-áirítear meastóireacht ar an gcreat reatha maidir le mic tíre a chaomhnú. Déanfaidh an tAontas Eorpach measúnú ar an staid, agus toradh chruinniú an Bhuanchoiste atá ar na bacáin á chur san áireamh. Ag an bpointe seo, áfach, i bhfianaise na sonraí is déanaí a chuirtear i láthair thuas, níl údar leis an moladh ón Eilvéis stádas cosanta an mhic tíre ar fud na hEorpa a íslíú ó thaobh na heolaíochta ná an chaomhnaithe de. Níl an togra i gcomhréir ach oiread leis an stádas cosanta dlíthiúla reatha atá ag an speiceas arna dheonú le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Ní bhaintear amach an príomhchuspóir atá ag ceachtar de Choinbhinsiún Bheirn ná den Treoir um Ghnáthóga, eadhon athbhunú agus caomhnú na speiceas a áirithiú le go mbeadh stádas caomhantais fabhrach acu. Dealraíonn sé go bhfuil gá leis an stádas cosanta dlíthiúla doichte chun tacú leis na hiarrachtaí mórbhagairtí ar an speiceas a bhaint. Leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, éascaítear téarnamh an speicis ar bhonn leanúnach agus cuirtear na huirlisí is gá ar fáil do na Páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha, lena n-áirítear an fhéidearthacht maoluithe a eisiúint faoi Airteagal 9 den Choinbhinsiún (agus faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga) i gcomhréir leis na coinníollacha riachtanacha⁸.

Dhéanfadh togra na hEilvéise cosaint mac tíre a chomhchuíbhíú faoi Choinbhinsiún Bheirn tríd an stádas cosanta is ísle a chur i bhfeidhm i ngach áit. I bhfianaise na measúnuithe is

⁵ <https://nature-art17.eionet.europa.eu/article17/species/summary/?period=5&group=Mammals&subject=Canis+lupus®ion>

⁶ In 2019, thuairiscigh na Ballstáit go raibh stádas caomhantais fabhrach ag an mac tíre in 18 as 39 gcuid náisiúnta de réigiúin bhithgheografacha ina raibh an speiceas.

⁷ Doiciméad T-PVS/PA(2020)03 – Tuairisciú faoi Rún Uimh. 8 (2012) (<https://rm.coe.int/reporting-under-resolution-no-8-2012-period-2013-2018-final-report/16809fad04>) agus na deaiseanna maidir le hachóimre náisiúnta lena gcuirtear i láthair sonraí arna dtuairisciú ag Páirtithe Conarthacha neamh-AE sa Choinbhinsiún (<https://www.coe.int/en/web/bern-convention/national-summary-dashboards>)

⁸ <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/a17dbc76-2b51-11ec-bd8e-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search>

déanaí ar stádas caomhantais, tá sé inmholta feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta i measc Páirtithe a chomhroinneann pobail trasteorann mac tíre, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le deireadh a chur leis na forchoimeádais atá ann cheana agus le feabhas a chur ar chomhordú iarrachtaí caomhantais agus bainistíochta. Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhorchoimeádas déanta ag an Eilvéis ná ag an Iorua, mar sin níl aon neamhréireacht idir stádas cosanta dlíthiúla an mhic tíre sna tíortha sin agus sna Ballstáit lena gcomhroinneann siad pobail mac tíre.

Dá bhrí sin, bunaithe ar na sonraí eolaíochá is déanaí atá ar fáil agus i gcomhréir le creat dlíthiúil reatha an Aontais, ba cheart don Aontas Eorpach cur i gcoinne an mholta ón Eilvéis an Mac Tíre (*Canis lupus*) a bhogadh ó Fhoscríbhinn II 'Speicis fauna faoi chosaint dhocht' a ghabhann leis an gComhaontú go Foscríbhinn III 'Speicis fauna faoi chosaint'. Coinneoidh sé faoi athbhreithniú, áfach, éabhlóid an phobail mac tíre agus na dúshláin a bhaineann le cómháireachtáil le daoine.

3.2. Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste

In 2020 agus 2021, mar gheall ar phaindéim COVID-19, tháinig Buanchoiste an Chomhaontaithe le chéile trí ardán ar líne. Bhí an taithí sin dearfach ach léirigh sí gur gá na rialacha, na huirlisí agus na próisis chinnteoireachta atá sa Chomhaontú cheana a chur in oiriúint do na modhanna agus na riachtanais nua oibre. Mhol an Rúnaíocht, i gcomhar le Biúró Choinbhinsiún Bheirn, roinnt leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste (doiciméad **TPVS/Inf(2022)29**), a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 13.6 den Chomhaontú.

Chomh maith le mionathruithe eagarthóireachta a moladh le haghaidh teanga níos beaichte agus níos comhsheasmhaí, baineann na leasuithe atá beartaithe leis an méid seo a leanas:

- **Riail 1 – Cruinnithe:** an fhéidearthacht a thabhairt isteach cianchruinnithe fíorúla a bheith ann agus vótáil a eagrú trí mhodhanna leictreonacha;
- **Riail 2 – Comóradh:** tréimhse an fhógra chun cruinniú den Bhuanchoiste a chomóradh a ghiorrú go 6 seachtaine (ó 2 mhí);
- **Riail 6 – Doiciméadacht:** soiléiriú ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise chun doiciméid chruinnithe a thiomsú agus a sheoladh chuig Páirtithe Conarthacha, lena n-áirítear a húsáid maidir le riachtanais nós imeachta i scríbhinn nó nós imeachta simplithe i scríbhinn (nós imeachta an tosta);
- **Riail 7 – Córam:** soiléiriú ar cad is córam ann (nós mó ná leath de na Páirtithe Conarthacha);
- **Riail 8 – Vótáil:** soiléirithe ar mhódúlachtaí na vótála agus na vótála trí nós imeachta i scríbhinn;
- **Riail 11 – Uachtaránacht:** soiléirithe ar an nós imeachta vótála agus ar an tromlach chun comhaltaí an Bhiúró a thoghadh, i gcás inar gá an tríú ballóid;
- **Riail 19 – Biúró:** ceanglas maidir le córam a áireamh le haghaidh phlé an Bhiúró agus foráil 19 c) a chur san áireamh lena soiléirítear feidhmeanna sonracha an Bhiúró;
- **Foscríbhinn 1 maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le breithmheas ar an láthair:** Ceanglas a chur isteach go dtiocfaidh an Páirtí Conarthach agus an gearánach ar chomhaontú maidir leis an saineolaí a cheapfar don mhisean agus maidir leis na téarmaí tagartha a tarraingíodh suas dó chomh maith le ceanglas go

n-íocfaidh an tír óstach na costais a bhaineann le hiompar áitiúil, léirmhíniú agus aistriúchán doiciméad;

- **Foscscríbhinn 2 – Na rialacha is infheidhme maidir le hidirghabháil:** Ceanglais chomhchosúla a chur san áireamh a bhaineann leis na breithmheas ar an láthair.

Na leasuithe uile atá beartaithe a bhaineann leis an bhféidearthacht cianchruinnithe fíorúla agus nósanna imeachta i scríbhinn a réachtáil, tá siad i gcomhréir le cleachtais i gComhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil eile agus tá gá leo chun a áirithiú go gcuirfear modhanna oibre na gComhaontuithe in oiriúint don obair fhíorúil.

Moltar an tréimhse fógra chun cruinniú den Bhuanchoiste a chomórath a ghiorrú go 6 seachtaine chun níos mó solúbthachta a cheadú, dá mba rud é go mbeadh gá le cruinniú urghnách den Bhuanchoiste. Ós rud é go dtagann príomhchomhlacht cinnteoireachta an Chomhaontaithe le chéile uair sa bhliain sa chleachtas, meastar nach n-úsáidfear an fhoráil sin ach ar bhonn eisceachtúil.

Na leasuithe atá beartaithe lena soiléirítear feidhmeanna an Bhiúró, freagrachtaí na dtíortha óstacha maidir le fiosrúcháin ar an láthair agus cuairteanna idirghabhála, agus an comhaontú is gá maidir leis na téarmaí tagartha agus roghnú na saineolaithe, eascraíonn siad as cleachtais atá ann cheana laistigh d'fheidhmiú an Chomhaontaithe. Cuireadh na rialacha sin, ar rialacha neamhscríofa iad go fóill, chun feidhme go forleathan agus ghlac na Páirtithe Conarthacha go forleathan leo.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe uile atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste.

I bhfianaise an mhéid thuas, is gá don Chomhairle cinneadh a dhéanamh chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú ag féachaint don 42ú cruinniú den Bhuanchoiste maidir leis an togra le haghaidh leasú ar na Foscscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú agus na tograí le haghaidh leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste araon. Ní bheidh gá le hathrú ar dhlí an Aontais atá ann cheana mar gheall ar na tograí le haghaidh leasú ar na Rialacha Nós Imeachta.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Áirítear ar na *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear sa choincheap sin freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *‘a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh’*⁹.

⁹ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.1.2. *Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Buanchoiste a cuireadh ar bun leis an gComhaontú.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu iad na gníomhartha a iarrtar ar an mBuanchoiste a ghlacadh. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú. Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. **Bunús dlí substainteach**

4.2.1. *Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó ceann de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. *Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhshaol a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús substainteach dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. **Conclúid**

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. **FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE**

Ós rud é go leasófaí le gníomhartha an Buanchoiste Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú agus Rialacha Nós Imeachta an Buanchoiste, b'iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, má ghlactar iad.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 42ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle¹⁰ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 1982.
- (2) De bhun Airteagal 17 den Chomhaontú, féadfaidh an Buanchoiste cinneadh a ghlacadh chun na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.
- (3) Le linn an 42ú cruinniú a bheidh ag an mBuanchoiste ón 29 Samhain – an 2 Nollaig 2022, tá sé le cinneadh a ghlacadh maidir le Foscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.
- (4) De bhun Airteagal 13.6 den Chomhaontú, dhréachtaigh an Buanchoiste a Rialacha Nós Imeachta agus, i gcomhréir le Riail 21, féadfaidh an Buanchoiste iad a leasú.
- (5) Le linn an 42ú cruinniú a bheidh ag an mBuanchoiste ón 29 Samhain – an 2 Nollaig 2022, glaoitear air freisin leasuithe ar a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.
- (6) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar laistigh den Bhuanchoiste thar ceann an Aontais a leagan síos, ó tharla go mbeidh an dá chinneadh a dhéanann sé ceangailteach ar an Aontas.
- (7) Chuir an Eilvéis moladh isteach an Mac Tíre (*Canis lupus*) a bhogadh ó Fhoscríbhinn II 'Speicis fauna faoi chosaint dhocht' a ghabhann leis an gComhaontú go Foscríbhinn III 'Speicis fauna faoi chosaint'.
- (8) Níl údar le stádas cosanta gach pobail mac tíre a ísliú ó thaobh na heolaíochta ná an chaomhnaithe de, bunaithe ar na sonraí atá ann faoi láthair. Leanann stádas caomhantais na speiceas de bheith éagsúil ar fud na mór-roinne, gan measúnú fabhrach ar stádas caomhantais ach in 18 as 39 gcuid náisiúnta de na réigiúin bhithgheografacha san Aontas. Deimhnítear é sin leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí atá ar fáil maidir le stádas caomhantais an speicis, a d'eascair as an tuairisciú faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga agus faoi Rún Uimh. 8 (2012) de Choinbhinsiún Bheirn. Éilítear an stádas cosanta doichte a choinneáil ar bun freisin de dheasca bagairtí leanúnacha ar

¹⁰ IO L 38, 10.2.1982, lch. 1.

an speiceas, lena n-áirítear cinn atá ag teacht chun cinn amhail fála teorann agus hibridiú idir an madra agus an mac tíre.

- (9) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cur i gcoinne thogra na hEilvéise.
- (10) Mhol Rúnaíocht an Chomhaontaithe, i gcomhar leis an mBiúró, roinnt leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste, go háirithe chun modhanna oibre agus nósanna imeachta an Chomhaontaithe a oiriúnú do mhodhanna agus d'uirlisí nua oibre fíorúla.
- (11) Freagraíonn na leasuithe atá beartaithe ar na Rialacha Nós Imeachta do chleachtais atá i bhfeidhm cheana féin i gComhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil eile nó do chleachtais atá ann cheana laistigh den Chomhaontú a nglactar leo go forleathan.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar na Rialacha Nós Imeachta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 42ú cruinniú de Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa mar a leanas:

- (1) cur i gcoinne an mholta an Mac Tíre (*Canis lupus*) a bhogadh ó Fhoscríbhinn II 'Speicis fauna faoi chosaint dhocht' a ghabhann leis an gComhaontú go Foscríbhinn III 'Speicis fauna faoi chosaint';
- (2) tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Bhuanchoiste atá sa doiciméad TPVS/Inf(2022)29.

Airteagal 2

I bhfianaise ar ar tharla ag an 42ú cruinniú den Bhuanchoiste, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, comhaontú le mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1.2 le linn cruinnithe comhordúcháin ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*